Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí
an Longfoirt agus na hIarmhí
Longford and Westmeath
Education and Training Board

# Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

# Ráitis Airgeadais le haghaidh na Bliana dar Críoch an 31 Nollaig 2025

## Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

## Innéacs na Ráiteas Airgeadais don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2025


| | Leathanach |
|---|---|
| Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird | 3 |
| Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach | 4-13 |
| Tuarascáil Iniúchóireachta an Ard-Reachtaire<br>Cuntas agus Ciste Ráiteas Oibriúcháin | 14-15 |
| Ráiteas Sócmhainní Reatha agus Dliteanas Reatha | 16 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 17-40 |

# Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

## Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí (BOOLI) an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Éilíonn Alt 51 den Acht sin ar BOOLI gach cuntas ceart agus gach gnáthchuntas maidir le hairgeadas a fhaigheann sé nó a chaitheann sé i bhfoirm agus le haghaidh tréimhsí cuntasaíochta a d'fhéadfadh an tAire Oideachais a fhaomhadh le toil an Aire Airgeadais agus an An tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú, tá sé de dhualgas ar an mBord

(a) na beartais cuntasaíochta chaighdeánacha i dtaca le hullmhú ráitis airgeadais de chuid BOO a chur i bhfeidhm
(b) breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
(c) aon seachrán ábhartha ó na beartais cuntasaíochta chaighdeánacha a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Bord freagrach as leabhair cuntais chearta a choinneáil a nochtann riocht airgeadais an Bhoird, le cruinneas réasúnta ag aon am, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Tá an Bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh i dtaobh calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aithint.

**Cathaoirleach Clr. Aoife Davitt**

**Síniú**

Aoife Davitt (Meith 17, 2026 17:16 MAG+1)

**Dáta** 17/06/2026

## Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

## Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach 2025

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Leagtar amach an Cód Cleachtais maidir le Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna i gCiorclán 0083/2024, a d'eisigh an Roinn Oideachais chuig gach BOO i mí na Samhna 2024. Ghlac BOOLI an Cód chuige féin ag a chruinniú an 21 Eanáir 2025.

Bunaíodh Bord nua de chuid BOOLI i mí Lúnasa 2024, agus ag a chruinniú i mí Dheireadh Fómhair 2024, chuir an Bord ceapachán Coistí nua Airgeadais agus Iniúchóireachta agus Riosca i gcrích.

### Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Mar chathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí, aithním freagracht an Bhoird chun a chinntiú go gcaomhnaítear agus go bhfeidhmítear córas rialaithe inmheánaigh éifeachtúil, éifeachtach agus eacnamaíoch. Níl sé de chumas ag an gcóras ach cinnteacht réasúnta a thabhairt go bhfuil cosaint ag na sócmhainní, go bhfuil na hidirbhearta faofa agus go ndéantar taifead cuí dóibh, agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go n-aithneofaí iad go tráthúil, agus níl sé de chumas aige cinnteacht iomlán a thabhairt ina dtaobh siúd.

### Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- Freagrachtaí an lucht bainistíochta agus na foirne a shainmhíniú go soiléir.
- Nósanna imeachta a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhartha ceartaithe cuí a chinntiú.
- Córas foirmiúil bainistíochta riosca lena n-áirítear nósanna imeachta a bhunú chun gach riosca a d'fhéadfadh cosc a chur ar BOO an Longfoirt agus na hIarmhí a chuid cuspóirí a bhaint amach.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh a fheidhmíonn BOO an Longfoirt agus na hIarmhí bunaithe ar:

- Nósanna imeachta riaracháin sonracha.
- Deighilt dualgas.
- Údaruithe sonracha.
- Seiceálacha inmheánacha.
- Athbhreithniú bainistíochta míosúil ar thuairiscí a thugann breac-chuntas ar fhíorthorthaí agus ar thorthaí buiséadaithe clár a fheidhmíonn BOOLI.

**Tá an méid seo a leanas i gceist le Creat Maoirseachta an Bhoird:**

Cuireann an méid seo a leanas bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh:

- An Príomhfheidhmeannach, a bhfuil freagracht air maidir leis an gcreat rialaithe inmheánaigh.
- Moltaí a rinne Oifig an Ard-reachtaire Cuntais agus Ciste i litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile.
- Moltaí a rinne an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí – BOOnna
- Obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Choiste Airgeadais.

**An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**

Cuireann obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR), a chruinnigh cúig (5) huaire in 2025, bonn eolais faoi mhaoirseacht an Bhoird ar an gcóras rialaithe inmheánaigh. Ba iad dátaí na gcruinnithe ná 10 Eanáir 2025, 31 Eanáir 2025, 7 Márta 2025, 23 Bealtaine 2025 agus 10 Deireadh Fomhair 2025. San áireamh le clár oibre CIR bhí breithniú ar:

- Tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí
- Tuarascálacha iniúchóireachta seachtraí agus litreacha bainistíochta an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste
- Ráitis Airgeadais Bhliantúla
- An Creat Bainistíochta Riosca
- An Clár Riosca
- An Clár Iniúchta
- Tuarascáil na hiniúchóireachta comhlíontachta
- Tuarascálacha Bainistíochta Riosca ó Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha na hEagraíochta.
- Tuairisc tuairime chuig an mBord maidir le leordhóthanacht agus oiriúnacht na gcóras rialaithe inmheánaigh

Sholáthair an Príomhfheidhmeannach, Stiúrthóir OSD, an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus ASM tuarascálacha ar oibriú rialuithe agus ar airgeadas agus bhuail siad leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2025 agus 2026.

Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh le haghaidh na tréimhse tuairiscithe cuí an 8 Eanáir 2026.

**An Coiste Airgeadais**

Cuireann obair an Choiste Airgeadais, a chruinnigh ceithre (4) huaire sa bhliain 2025, 13 Feabhra 2025, 20 Márta 2025, 5 Meitheamh agus 5 Samhain 2025 bonn eolais faoi mhaoirseacht an Bhoird ar an gcóras rialaithe inmheánaigh chomh maith. San áireamh le clár oibre an Choiste Airgeadais bhí breithniú ar:

- Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2025 (RAB)
- Moltaí do Bhord RAB 2025
- Cuntais Ioncaim agus Caiteachais Mhíosúla
- Tuarascálacha Bainistíochta Riosca ó Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha na hEagraíochta.

Thug an Príomhfheidhmeannach, Stiúrthóir OSD (Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta), Stiúrthóir FET (Breisoideachas agus Oiliúint), an Ceannasaí Airgeadais, an Ceannasaí Forbartha, Soláthair agus Liúntas, an Ceannasaí Foirgneamh agus Caipitil agus an Ceannasaí Seirbhísí Corparáideacha tuairisc don Choiste Airgeadais in 2025 agus 2026.

Rinne an Coiste Airgeadais athbhreithniú ar Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2025 ar an 19 Márta 2026 agus moladh don Bhord go nglacfaí iad.

**Iniúchóireacht Inmheánach**

Cuireann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí - Na Boird Oideachais agus Oiliúna (AII-BOOnna), a chuireann tuairim iomlán ar fáil ar na réimsí a ndearnadh iniúchadh orthu, seirbhís iniúchóireachta inmheánaí ar fáil. Bíonn an tuairim iomlán bunaithe ar na torthaí a sainaithníodh i gcaitheamh an iniúchta agus is mar seo a leanas an réimse tuairimí féideartha:

*Raon na dtuairimí féideartha a eisíodh roimh an 24 Feabhra 2025.

**Cuimsitheach:** Tá an córas rialaithe inmheánaigh leormhaith agus feidhmíonn sé go héifeachtach.

**Leormhaith:** Tá an córas rialaithe inmheánaigh leormhaith den chuid is mó agus feidhmíonn sé go héifeachtach.

**Neamhleor:** Níl an córas rialaithe inmheánaigh leormhaith agus ní fheidhmíonn sé go héifeachtach.

*Raon na dtuairimí féideartha a eisíodh tar éis an 24 Feabhra 2025.

**Cuimsitheach:** Tá an córas rialaithe inmheánaigh leormhaith agus feidhmíonn sé go héifeachtach.

**Eifeachtach:** Tá an córas rialaithe inmheánaigh leormhaith den chuid is mó agus feidhmíonn sé go héifeachtach.

**Teoranta:** Tá córais smachta inmheánach teoranta

**Neamhleor:** Níl an córas rialaithe inmheánaigh leormhaith agus ní fheidhmíonn sé go héifeachtach.

Tugadh faoi na hathbhreithnithe iniúchóireachta inmheánaí seo a leanas sa tréimhse 01 Eanáir 2025 - 31 Nollaig 2025 agus ar cruinniú CIR De Máirt 2026.

Cuireadh tús le hiniúchadh an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí dar teideal Athbhreithniú ar Úsáid Scoile – Earcaíocht agus Úsáid Múinteoirí i mí Mheán Fómhair 2024, fuarthas an tuarascáil deiridh ón Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí-Boird Oideachais agus Oiliúna an 12 Bealtaine 2025 agus cuireadh faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca í an 23 Bealtaine 2025. Ba é toradh foriomlán na tuarascála go raibh córas cuimsitheach rialuithe i bhfeidhm. Rinneadh 7 moladh san iomlán - 7 moladh íseal. Tá 6 cinn díobh curtha i gcrích/i bhfeidhm. Is saincheist a bhaineann le córas í an mhír atá fágtha, agus teastaíonn réiteach ó SGCO ina leith atá deacair a chur i bhfeidhm faoi láthair.

Rinneadh iniúchadh de chuid an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí ar Phróisis Cuntasaíochta Bainistíochta agus Rialuithe Buiséadacha Breisoideachais agus Oiliúna i mí na Bealtaine 2025, agus fuarthas an tuarascáil deiridh ón Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí-Boird Oideachais agus Oiliúna an 12 Nollaig 2025 agus cuireadh faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca í an 8 Eanáir 2026. Ba é toradh foriomlán na tuarascála go raibh córas rialuithe easnamhach i bhfeidhm. Rinneadh 11 mholadh (aon cheann déag) san iomlán: 4 ardmholadh, 6 mholadh mheasartha agus moladh íseal amháin. Tá BOOLI ag obair ar phlean chun ceanglais na moltaí a rinneadh in iniúchadh an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí a chomhlíonadh.

Cuireadh tús le hiniúchadh an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí ar Athbhreithniú ar Chlár na bPrintíseachtaí in BOOLI an 22 Feabhra 2024 agus eisíodh an tuarascáil deiridh an 29 Nollaig 2025. Ba é toradh foriomlán na tuarascála go raibh córas cuimsitheach rialuithe i bhfeidhm. Rinneadh 6 mholadh san iomlán - moladh measartha amháin agus 5 mholadh ísle. Ní raibh gá leis an moladh measartha amháin a thuilleadh tar éis Beartas BOOLI um Shócmhainní Seasta a thabhairt isteach i mí an Mhárta 2025. As na 5 mholadh ísle, tá 4 cinn curtha i bhfeidhm; tá obair á déanamh ar an gceann eile faoi láthair agus coinneofar faoi athbhreithniú leanúnach é.

Cuireadh tús le hiniúchadh ar Chosaint Sonraí agus ar Shaoirse Faisnéise i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus tá sé fós ar siúl.

### Iniúchtaí Earnála

- Tuarascáil Earnála an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí ar Chlár Béilí Scoile - eisíodh an tuarascáil i mí Mheán Fómhair 2025.
- Tuarascáil Earnála an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí ar Phróisis Cuntasaíochta Bainistíochta agus Rialuithe Buiséadacha Breisoideachais agus Oiliúna - eisíodh an tuarascáil i mí na Nollag 2025.
- Tuarascáil Earnála an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí ar iniúchtaí 2015 ar Scéimeanna Aoisliúntais Mhúinteoirí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus na hEarnála Oideachais - eisíodh an tuarascáil i mí na Nollag 2025.

Bhreithnigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) na tuarascálacha iniúchóireachta earnála thuas. Rinne an Coiste athbhreithniú ar na torthaí agus ar na moltaí i ngach tuarascáil agus mheas sé a n-ábharthacht do BOOLI. I gcás inar measadh go raibh moltaí infheidhme, chuir an lucht bainistíochta na gníomhartha riachtanacha i bhfeidhm nó chuir sé pleananna gníomhaíochta i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt orthu, agus rinneadh monatóireacht ar an dul chun cinn trí CIR.

## Sáruithe ar an gcóras rialaithe inmheánaigh Soláthar

Leanann BOOLI de bheith ag obair chun a chuid freagrachtaí uile i ndáil le rialacháin agus riachtanais soláthair a chomhlíonadh. Tá cásanna ann ina ndéantar earraí agus seirbhísí a sholáthar ar fud breis agus 23 suíomh trí phróisis soláthair iomaíocha, i gcomhréir le Beartas Soláthair BOOLI, ach ina sáraíonn an luach carnach ar fud na suíomhanna uile na tairseacha tairisceana náisiúnta/AE.

Bunaithe ar anailís ar chaiteachas 2025 i réimsí ina bhfuil próiseas eTenders ar fud na heagraíochta oiriúnach, aithníodh caiteachas dar luach €28,096 (gan CBL san áireamh) mar chaiteachas neamhchomhlíontach.

(i) B'ionann an caiteachas a íocadh ar sholáthar chóras faisnéise bainistíochta na scoile agus €28,096. Chuir an Roinn Oideachais agus Óige comhaontú lárnach i bhfeidhm ar dtús an 1 Meitheamh 2021, comhaontú a chuaigh in éag an 31 Bealtaine 2025. Chuir BOOLI litir athraithe shínithe i bhfeidhm. Mar sin féin, sháraigh luach an chonartha nua seo luach an chomhaontaithe lárnaigh agus, dá bhrí sin, bhí an conradh nua neamhchomhlíontach. Bhí an neamhchomhlíonadh sin riachtanach chun go bhféadfaí leanúint den chóras faisnéise bainistíochta a úsáid go dtí gur bhunaigh HEAnet creat láraithe nua. Bhí am ag teastáil freisin chun mionchomórtas a reáchtáil ina dhiaidh sin, agus d'fhéadfadh gá a bheith ann dá thoradh aistriú chuig soláthraí bogearraí nua. Bhunaigh HEAnet an creat nua i mí na Bealtaine 2025. Reáchtálfaidh BOOLI a mhionchomórtas i R1 2026 le tacaíocht ó HEAnet.

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag BOOLI chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntiú agus gur chomhlíon BOOLI na nósanna imeachta sin i rith 2025.

Chuir BOO an Longfoirt agus na hIarmhí Plean Soláthair Chorparáidigh le chéile do 2026, ina leagtar amach na gníomhartha le dul i ngleic le réimsí riachtanais sainaitheanta agus le riachtanais soláthair BOO an Longfoirt agus na hIarmhí amach anseo. Leanfaidh BOO an Longfoirt agus na hIarmhí air ag déanamh monatóireacht agus athbhreithniú ar gach réimse caiteachais chun deiseanna a aithint ina gcuirtear tairiscintí agus úsáid na gCreataí Náisiúnta reatha le haghaidh earraí agus seirbhísí an luach is fearr ar airgead ar fáil agus a chomhlíonfaidh riachtanais chomhlíontachta.

## Idirghabháil Chomhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim

Pinsean - I Ráithe 4 2025, fuair BOOLI fógra faoi Idirghabháil Chomhlíontachta Leibhéal 1 de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim - is é sin Iarraidh ar Fhéin-Athbhreithniú - maidir leis an gcaoi ar chuir an Bord Oideachais agus Oiliúna Barrachais Inmhuirir agus Cáin ar Chnapshuim Barrachais i bhfeidhm ar phinsin. Críochnaíodh an t-athbhreithniú i mí Eanáir agus seoladh an freagra chuig na Coimisinéirí Ioncaim. Táimid ag fanacht le freagra ó na Coimisinéirí Ioncaim faoi láthair. De thoradh an athbhreithnithe seo, shainaithin BOOLI gur cuireadh dliteanais i leith Cáin Barrachais Inmhuirir agus Cáin ar Chnapshuim Barrachais ar phinsin ardluacha i bhfeidhm nó gur ghlan BOOLI iad mar ba chuí.

In 2025, chuir na Coimisinéirí Ioncaim tús le hIdirghabháil Chomhlíontachta Leibhéal 1 a dhírigh ar sheirbhísí leictreonacha a chuir soláthraithe eachtracha ar fáil do roinnt BOOnna sa tréimhse 2023-2024. Ní mór do BOOLI féinchuntasaíocht a dhéanamh i leith na soláthairtí earraí agus seirbhísí uile ón gcoigríoch. Níor roghnaigh na Coimisinéirí Ioncaim BOOLI chun Idirghabháil Chomhlíontachta Leibhéal 1 a dhéanamh, ach rinne BOOLI athbhreithniú agus sainaithníodh gur chuir sé modheolaíocht CBL i bhfeidhm a bhí éagsúil le seasamh na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le cineálacha sonracha sonrasc. Rinne BOOLI athbhreithniú, sainaithníodh

ganníocaíocht CBL €13,655 agus íocadh €2,168 in ús leis na Coimisinéirí Ioncaim. Íocfaidh BOOLI aon phionós a d'fhéadfadh na Coimisinéirí Ioncaim a ghearradh.

## Nochtadh do na Coimisinéirí Ioncaim maidir le 2024 agus 2025

Tar éis bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí in The Revenue Commissioners v Karshan (Midlands) Ltd. t/a Domino's Pizza maidir le stádas fostaíochta a chinneadh chun críocha cánach, thug BOOLI faoi athbhreithniú, ag baint úsáid as treoirlínte na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le stádas fostaíochta daoine atá fostaithe mar chonraitheoirí/mar dhaoine féinfhostaithe a chinneadh chun críocha cánach, chun a stádas fostaíochta a chinneadh.

De thoradh an athbhreithnithe sin, shainaithin BOOLI 19 nduine ar cheart caitheamh leo mar fhostaithe. Caitheadh leis na daoine sin mar dhaoine féinfhostaithe. Asbhaineadh Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla (CSSG) ó íocaíochtaí in dhá cheann de na cásanna thuas. Tar éis an athbhreithnithe, sainaithníodh Cáin Ioncaim €2,701, MSU €473 agus ÁSPC €1,793. Glanadh an dliteanas seo.

### Sárú ar Phrótacal / Calaois

Tarraingíodh aird an lucht bainistíochta ar eachtra amháin ar déileáladh léi faoi Bheartas Frithchalaoise BOOLI in 2025. Rinne Stiúrthóir OSD an t-ábhar a dhoiciméadú i dtosach de réir Bheartas Frithchalaoise BOOLI agus cuireadh faoi bhráid CIR é lena bhreithniú. Chuir CIR an t-ábhar faoi bhráid an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí de réir Bheartas Frithchalaoise BOOLI. Nuair a fuarthas freagra ón Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí, cuireadh an t-ábhar faoi bhráid aturnaetha BOOLI chun comhairle dlí a fháil. Cuireadh an chomhairle dlí faoi bhráid CIR an 12 Márta 2026. Dheimhnigh CIR go raibh rialuithe breise curtha i bhfeidhm go sásúil. Ghlac CIR leis gur sárú ar phrótacal inmheánach, seachas iarracht ar chalaois, ba mhó a bhí i gceist agus, ar an gcúis sin agus ag féachaint do luach na heachtra, nach raibh gá le haon ghníomh breise.

### Nochtadh cosanta

Fuair BOOLI nochtadh cosanta amháin in 2025 faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, agus tá sé fós á imscrúdú.

### Bainistíocht Riosca

Tá plean Bainistíochta Riosca Corparáideach i bhfeidhm ag BOO an Longfoirt agus na hIarmhí ar fud na heagraíochta. Rinneadh athbhreithniú ar an tuarascáil ar Rioscaí ag gach cruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2025. Leanann an Coiste air ag déanamh monatóireacht ar fhorbairt phlean Straitéiseach Bainistithe Riosca BOO an Longfoirt agus na hIarmhí.

**Fadhbanna atá ag dul chun cinn ar leibhéal na hEarnála:**

**Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (SPS)**

Tá Ráitis Sochair SPS don tréimhse ó 2013 go deireadh 2024 eisithe ag gach ceann de na sé Bhord Oideachais agus Oiliúna déag chuig a mbaill foirne uile. D'eisigh na sé Bhord Oideachais agus Oiliúna déag dhéag Ráitis 2024 chuig gach ball i mí an Mheithimh 2025 i gcomhréir leis na ceanglais reachtúla.

**Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO) – An Clár Feabhsúcháin Pinsean:**

Cuireadh foireann ar leith in SGCO i bhfeidhm atá ag obair go sonrach ar chúrsaí Ranníocaíochta Pinsin agus Aoisliúntais a réiteach. Tá Foireann an Chláir Feabhsaithe Pinsin ag cuidiú le roinnt tionscadal lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh seo a leanas:

- Forbairt agus tástáil PeopleXD chun aghaidh a thabhairt ar ríomh mícheart ranníocaíochtaí pinsin agus méideanna inchurtha, ar chuimsiú seirbhíse páirtaimseartha sa mhodúl pinsin, agus ar nuashonruithe riachtanacha eile ar an Modúl Pinsin. Tá an obair seo curtha i gcrích anois, agus is é an chéad chéim eile na ró-íocaíochtaí agus na ganníocaíochtaí a sainaithníodh i leith ranníocaíochtaí SPS a phróiseáil. Tá sé beartaithe aisíocaíochtaí i leith ró-íocaíochtaí ranníocaíochtaí SPS a phróiseáil i mí an Mhárta 2026. Oibreoidh SGCO leis na BOOnna chun pleananna a chur i bhfeidhm chun ganníocaíochtaí ranníocaíochtaí SPS a aisghabháil.

- Tionscadal SPS chun aghaidh a thabhairt ar cheartú ranníocaíochtaí pinsin; chun méideanna inchurtha a ríomh; chun tuairisceáin don bhunachar sonraí a ullmhú; agus chun Ráiteas Sochair Pinsin a eisiúint;
    - Comhaid 2024 a uaslódáil chuig Bunachar Sonraí SPS i gcás na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna déag uile - curtha i gcrích i mí Mheán Fómhair 2025:
    - Sonraí ceartaithe a uaslódáil chuig an tsaoráid SPS Override i gcás gach comhalta, gach bliana agus gach Bord Oideachais agus Oiliúna.
    - Ranníocaíochtaí a lódáil, de réir mar is gá, chuig Lárionad Coigeartaithe na Scéime Aonair (SSAC) chun iad a chur isteach sna ráitis sochair (m.sh. ganníocaíocht ó thaifid leagáide, seirbhís a ceannaíodh agus a aistríodh, agus aisíocaíochtaí).
    - Méideanna inchurtha breise a lódáil faoi cheannach agus aistriú (nuair is infheidhme).

- **Stair Seirbhíse Páirtaimseartha agus Luach Saothair Inphinsin** do bhaill scéimeanna leagáide
- **Aistriú Phinsinéirí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ón Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC) chuig SGCO -** Rinneadh an párolla do phinsinéirí uile na BOOnna a aistriú ón Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC) chuig SGCO i mí an Mheithimh 2025. Mar chuid den tionscadal aistrithe, b'éigean na sonraí a bhain le pinsinéirí gach Bord Oideachais agus Oiliúna a ghlanadh sular aistríodh chuig SGCO iad. Aistríodh an fhreagracht as pinsinéirí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a íoc ó ONSC chuig SGCO i mí an Mheithimh 2025.

Tá Grúpa Úsáideoirí Pinsean SGCO/BOO bunaithe agus tagann siad le chéile gach mí chun saincheisteanna pinsin a phlé agus soiléirithe agus tacaíocht a sholáthar maidir le húsáid mhodúl Pinsean CoreHR go háirithe. Tá roinnt réimsí ar PeopleXD sna scéimeanna pinsin sainaitheanta ag foirne Pinsean agus Oibríochtaí SGCO le glanadh agus tá siad ag obair orthu de réir a chéile agus ag seoladh míreanna chuig na BOOnna lena n-athbhreithniú agus lena nuashonrú. Nuair a bheidh sé seo críochnaithe, cruthófar sraith iomlán tuarascálacha chun seiceálacha rialaithe cáilíochta ar na sonraí a dhéanamh go rialta.

**Seirbhísí Comhroinnte Párolla BOO**

Bunaíodh an tIonad Seirbhís Gnó Chomhroinnte Oideachais (SGCO) chun seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don earnáil Oideachais agus Oiliúna. Tá na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna déag ar fad ar na Seirbhísí Comhroinnte Párolla anois.

Tharla aistriú párolla BOO an Longfoirt agus na hIarmhí chuig SGCO le haghaidh gach ball foirne i mí Iúil 2020. Tá SGCO freagrach as an bpárolla a phróiseáil; as íocaíochtaí le pinsinéirí; as íocaíochtaí le printísigh agus foghlaimeoirí agus as íocaíochtaí speansas i gcás ina bhfuil BOO an Longfoirt agus na hIarmhí fós freagrach as treoracha a eisiúint chuig seirbhísí comhroinnte maidir le hathruithe sna párollaí agus san fheidhm Acmhainní Daonna. Dhearbhaigh an Príomhfheidhmeannach gur chomhlíon sé na freagrachtaí maidir le riachtanais an Mheabhráin Tuisceana agus an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse chomh maith, a síníodh agus atá i bhfeidhm idir BOO an Longfoirt agus na hIarmhí agus an Roinn Oideachais & Óige – Ionad na Seirbhíse Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO). Cuireann na doiciméid seo creat ar fáil le haghaidh fheidhmiú Sheirbhísí Comhroinnte Párolla BOO-SGCO ar son earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna. Braitheann an Príomhfheidhmeannach ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Oideachais & Óige chun a cinntiú go bhfuil rialuithe cuí i bhfeidhm i soláthar seirbhísí párolla SGCO chuig BOO an Longfoirt agus na hIarmhí .

**Costais lena n-áirítear Taisteal agus Maireachtáil**

Tá na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna déag ar fad beo anois le haghaidh íocaíochtaí Speansas (Taisteal agus Cothabháil), agus chuaigh an Bord Oideachais agus Oiliúna deireanach (Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath) beo i mí Lúnasa 2025. D'aistrigh BOO an Longfoirt agus na hIarmhí a gcuid costas chuig SGCO i R1 202

**Párolla Printíseachtaí**

D'aistrigh BOO an Longfoirt agus na hIarmhí a phárolla printíseachtaí chuig an tseirbhís phárolla bhainistithe a shocraigh SGCO i mí an Mhárta 2020.

**Íocaíochtaí Foghlaimeoirí**

D'aistrigh BOO an Longfoirt agus na hIarmhí a chuid íocaíochtaí foghlaimeoirí chuig an tseirbhís phárolla bhainistithe a shocraigh SGCO ina dhá gcuid. Cuid a 1 i mí Lúnasa na bliana 2020 agus Cuid a 2 (Ógtheagmháil agus an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais) i mí Feabhra na bliana 2022.

**Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais**

Cuireann SGCO Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais ar fáil maidir leis na feidhmeanna Ceannach go hÍocaíocht agus Taifead go.

Tuairisciú do BOOnna. Sular leanadh ar aghaidh le tionscadal na seirbhísí comhroinnte airgeadais, comhdhlúthaíodh na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna déag ar fad ar an ardán céanna den Chóras Bainistíochta Airgeadais (CBA), agus ásc ar leith den CBA ag gach ceann acu. Tá na BOOnna á n-aistriú chuig an tSeirbhís Chomhroinnte Airgeadais de réir a chéile, agus leanfar den phróiseas sin go dtí deireadh 2027. Faoi dheireadh 2025, bhí seacht mBord Oideachais agus Oiliúna (Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin, Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí, Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann agus Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí) aistrithe chuig Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais. Chuaigh BOOLI isteach sna Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais i mí na Samhna 2025.

Cuirtear seirbhísí ar fáil do Bhoird Oideachais agus Oiliúna ar bhonn Sprioc-Shamhail Oibriúcháin a comhaontaíodh leis na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna déag ar fad agus inar leagadh amach na seirbhísí a chuirfeadh SGCO ar fáil go lárnach agus na seirbhísí a choinneodh gach Bord Oideachais agus Oiliúna go háitiúil. Tá SGCO freagrach as feidhmeanna áirithe atá sainithe go soiléir, agus déantar na feidhmeanna eile go háitiúil sna Boird Oideachais agus Oiliúna. Níl Meabhrán Tuisceana ná Comhaontú Bainistíochta Seirbhíse i bhfeidhm fós idir BOOLI agus ionad Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais na Roinne Oideachais agus Óige. Soláthraíonn na doiciméid seo an creat le haghaidh oibriú Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais SGCO-BOO thar ceann earnáil an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

Dheimhnigh an Príomhfheidhmeannach go gcomhlíonfaidh sí a freagrachtaí maidir leis na ceanglais faoin Meabhrán Tuisceana agus faoin gComhaontú Bainistíochta Seirbhíse. Braitheann an Príomhfheidhmeannach ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Oideachais agus Óige go bhfeidhmítear rialuithe iomchuí le linn do SGCO seirbhísí airgeadais a sholáthar do BOOLI.

Tá roinnt tionscadal breise ar bun ag SGCO chun cáilíocht an tuairiscithe a fheabhsú agus chun próisis agus códú córas a chaighdeánú ar fud na gcóras seirbhísí comhroinnte de chuid SGCO. Éascóidh sé seo seachadadh seirbhísí níos éifeachtaí agus níos sruthlínithe amach anseo.

**Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe**

Tá BOO an Longfoirt agus na hIarmhí tiomanta do chóras rialaithe inmheánaigh atá éifeachtach agus eacnamaíoch a fheidhmiú. Dearbhaím gur thug an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh don bhliain dar chríoch 8 Eanair 2026 ina gcruinniú an 31 Nollaig 2025 sa bhealach a n-ordaítear sa Chód Cleachtais le haghaidh Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna.

Áiríodh leis seo:

- Chuir an Feidhmeannach tuairisc i láthair maidir lena athbhreithniú ar rialuithe (ó bhéal agus i dtuairisc scríofa) ag a chruinniú an Eanáir 2025. Fuair an

Coiste Iniúchóireachta dearbhú ón bPríomhfheidhmeannach go raibh an córas rialaithe inmheánaigh sásúil agus cuí dá mhéid agus atá indéanta go réasúnta. Bhunaigh an Príomhfheidhmeannach an ráiteas seo ar an bhfaisnéis a bailíodh ó bhainisteoirí sinsearacha ar fud na heagraíochta. Léirítear i Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2025 gannchaitheamh €3.7 milliún ar bhuiséad BOO, arbh ionann €1.7 milliún de agus gannchaitheamh ar liúntais imfhálaithe.

- Athbhreithniú ar thuairiscí iniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí a eisíodh in 2025 agus go dtí seo in 2026, bualadh le hionadaithe an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus All-BOOnna, chomh maith le scrúdú ar mhiontuairiscí chruinnithe an Bhoird agus an Choiste Airgeadais chun a chinntiú nach raibh aon mhírialtachtaí iontu i gcomparáid leis an meastóireacht ar an rialú inmheánach a cuireadh ar fáil don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i dTuarascálacha Iniúchóireachta Inmheánaí agus i léirithe Bainistíochta.
- Chuir an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairisc ar an athbhreithniú ar rialuithe i láthair don Bhord (ó bhéal agus i dtuairisc scríofa) ar an 24 Márta 2026.
- Athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí Rialachais agus Rialaithe sa bhliain 2025 lena n-áirítear:

  - Rannpháirtíocht idir an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, an Coiste Airgeadais, an Bord agus an feidhmeannach

  - Tuairiscí ón bPríomhfheidhmeannach, ón Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta (TFE), ó Stiúrthóir na Scoileanna agus ón Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna don Choiste Airgeadais, don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Bhord. Cuireann na hOifigigh Oideachais Aosaigh, Airgeadas, Acmhainní Daonna, Seirbhísí Corparáideacha, Foirgnimh agus Caipiteal agus Forbairt, Soláthar agus Liúntais bonn eolais faoi na tuarascálacha seo mar chuid de phróiseas an Fheidhmeannais maidir leis an athbhreithniú bliantúil ar rialuithe inmheánacha.

  - Moltaí a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta agus i dtuarascálacha eile
  - Moltaí a rinne an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí
  - Tuarascálacha Bainistíochta Riosca ó DOSD
  - Coimeádtar an Clár Riosca cothrom le dáta agus cuirtear i láthair don Choiste Iniúchóireachta é ar bhonn rialta.

Rinne an Bord athbhreithniú ar an ráiteas seo agus glacadh leis ag a chruinniú ar an 24 Márta 2026.

Sínithe: Aoife Davitt (Meith17, 2026 17:16 MAG+1) Dáta: 17/06/2026

**Cathaoirleach**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí i gcomhair na bliana dar críoch 31 Nollaig 2025 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Is é atá sna ráitis airgeadais ná

- an ráiteas oibriúcháin
- an ráiteas ar shócmhainní reatha agus dliteanais reatha, agus
- na nótaí a bhaineann leo, lena n-áirítear tuairisc ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta

Dar liom,

- cuireann na ráitis airgeadais ioncam agus caiteachas an Bhoird i gcomhair na bliana 2025 agus riocht ghnóthaí an Bhoird ar an 31 Nollaig 2025 i láthair mar is cuí, agus
- tá na ráitis airgeadais i dtreoir leis na beartais chuntasaíochta a leag an tAire Oideachais síos.

### *Bunús na tuairime*

Rinne mé m’iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) de réir mar a d’fhógair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin in aguisín na tuarascála seo. Tá mé neamhspleách ar Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí agus chomhlíon mé na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a chur ar fáil don tuairim atá agam.

### Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar chúrsaí eile

Chuir an Bord faisnéis áirithe eile i láthair mar aon leis na ráitis airgeadais. Is é atá sa mhéid seo ná ráiteas maidir le freagrachtaí an Bhoird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm i dtaca le faisnéis dá leithéid, agus maidir le cúrsaí áirithe eile a ndéanaim tuairisc orthu ar bhonn eisceachtúil, san aguisín a ghabhann leis an tuairisc seo.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith seo.

**Andrew Harkness**
**Le haghaidh agus ar son an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste**

**17 Meitheamh 2026**

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Bhaill an Bhoird

De réir mar a sonraítear i ráiteas freagrachtaí an Bhoird, tá Baill an Bhoird freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a shonraítear faoi alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- cibé rialuithe inmheánacha a chinneann siad a bheith riachtanach a chur i bhfeidhm chun gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú, bíodh sin mar gheall ar chalaois nó earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de dhualgas orm faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí agus tuairisciú chuig Tithe an Oireachtais maidir leo.

An cuspóir a bhíonn agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná deimhniú réasúnta maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. Leibhéal ard deimhnithe atá i gceist le deimhniú réasúnta, ach ní ráthaíocht atá ann go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míshonrú más ann dó. Féadfaidh míshonruithe eascairt as calaois nó as earráid agus meastar gur ábhartha iad más rud é go bhféadfaí a bheith ag súil, ar bhonn réasúnta, go bhféadfaidís, ar bhonn aonair nó cumaisc, tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíocha a ghlacfadh úsáideoirí bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, bainim leas as tuairim ghairmiúil agus coinním amhras gairmiúil san iniúchadh síos tríd. Trí seo a dhéanamh,

- Sainaithním agus déanaim meastóireacht ar rioscaí míshonraithe ábhartha na ráiteas airgeadais más calaois nó earráid is cúis leis; dearaim agus cuirim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil dóibh siúd atá i mbaol i gcrích; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus iontaofa le bonn a chur faoi mo thuairim. Tá an riosca nach mbraithfí míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaois níos mó ná an riosca a bheadh i gceist mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, bréagléiriú, nó sárú rialaithe inmheánaigh a bheith fite fuaite ann.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá iomchuí sa chás sin, ach ní ar mhaithe le tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh a mheas, chomh maith le réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe a bhaineann leo.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas faoina gcúram maidir le raon agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta, mar aon le cúrsaí eile, agus maidir le torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easpa sa rialú inmheánach a shainaithním i gcaitheamh m'iniúchadh.

Tuairiscím d'eisceacht más ea, dar liom,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a bhí uaim le haghaidh m'iniúchadh, nó
- murar leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus mar is ceart, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon chineál tátail dhearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de dhualgas orm faoi réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an fhaisnéis eile a cuireadh ar fáil a léamh agus, trí sin a dhéanamh, meas a dhéanamh an bhfuil míréir idir an fhaisnéis eile agus na ráitis airgeadais nó eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más cosúil go ndearnadh ráiteas neamhchruinn ábhartha in aon slí eile. Má bhíonn sé de thátal agam, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míshonrú ábhartha maidir leis an bhfaisnéis eile seo, tá sé de dhualgas orm é sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do chomaoineacha speisialta a bhaineann le Comhlacht Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím má shainaithním cúrsaí ábhartha a bhaineann leis an tslí ina ndearnadh gnó poiblí.

Tugaim faoi fhianaise a fháil maidir le rialtacht idirbhearta airgeadais i gcaitheamh an iniúchta. Tuairiscím má shainaithním aon chás ábhartha nár baineadh leas as airgead poiblí i gcomhair na bhfeidhmeanna a bhí i gceist nó aon chás nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

## Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

## Ráiteas Oibriúcháin i gcomhair na Bliana dar críoch 31 Nollaig 2025

| | Nóta | An Bhliain dar Críoch 31/12/2025 | An Bhliain dar Críoch 31/12/2024 |
|---|---|---|---|
| **FÁLTAIS** | | €'000 | €'000 |
| Deontais Iar-bhunscoileanna & Phríomhoifige | 3 | 39,945 | 37,790 |
| Deontais do Bhunscoileanna | 4 | 172 | 175 |
| Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna | 5 | 40,619 | 40,749 |
| Deontais Sheirbhísí Óige | 6 | 1,222 | 1,171 |
| Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe | 7 | 3,359 | 3,073 |
| Caipiteal | 8 | 6,640 | 37,106 |
| | | 91,957 | 120,064 |
| **ÍOCAÍOCHTAÍ** | | | |
| Deontais Iar-bhunscoileanna & Phríomhoifige | 9 | 40,096 | 36,635 |
| Deontais do Bhunscoileanna | 10 | 173 | 165 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 11 | 36,637 | 39,281 |
| Seirbhísí Óige | 12 | 1,184 | 1,171 |
| Caipiteal Gníomhaireachtaí & Tionscadal | 13 | 2,914 | 3,113 |
| Féinmhaoinithe | 14 | 9,330 | 24,914 |
| | | 90,334 | 105,279 |
| **Barrachas / (Easnamh) Airgid Thirim don Bhliain** | | 1,623 | 14,785 |
| **Athrú i nGlansócmhainní Reatha Eile** | 25 | (1,893) | (14,489) |
| **Barrachas / (Easnamh) Ioncaim Fabhraithe i gcomhair na Bliana** | | (270) | 296 |
| **Barrachas / (Easnamh) Ioncaim ar an 1 Eanáir** | | 311 | 15 |
| **Barrachas / (Easnamh) Ioncaim ar an 31 Nollaig** | 16 | 41 | 311 |

**Sínithe:**

Aoife Davitt (Meith 17, 2026 17:16 MAG+1)

**An Comh. Aoife Davitt**
**Cathaoirleach**

Dáta 17/06/2026

**Sínithe:**

Siobhán Lynch

Siobhán Lynch (Meith 17, 2026 17:28 MAG+1)

**Siobhán Lynch**
**Príomhfheidhmeannach**

Dáta 17/06/2026

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 16 go 36

## Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

## Ráiteas maidir le Sócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha ar an 31 Nollaig 2025

| | Nóta | 31/12/2025 €'000 | 31/12/2024 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Deontais Stáit Athfhillteacha | 17 | 1,392 | 904 |
| Deontais Chaipitil Stáit | 18 | 329 | 142 |
| Ioncam Athfhillteach Eile | 19 | 99 | 246 |
| Féichiúnaithe Tríú Páirtí | 20 | 504 | 473 |
| Iarmhéid Bainc | | 18,129 | 16,506 |
| | | 20,453 | 18,271 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Deontais Stáit Athfhillteacha | 21 | 5,621 | 2,187 |
| Deontais Chaipitil Stáit | 22 | 9090 | 11,237 |
| Ioncam Athfhillteach Eile | 23 | 829 | 686 |
| Dliteanais Phá & Chostais | 24 | 4,872 | 3,850 |
| | | 20,412 | 17,960 |
| **Glansócmhainní/(Glandliteanais)** | | 41 | 311 |
| **Reatha Léirithe ag** | | | |
| **Barrachas/(Easnamh) Ioncaim** | 16 | 41 | 311 |

| **Anailís ar Bharrachas/ (Easnamh) Ioncaim** | | **Coinnithe Barrachas / (Easnamh)** 31/12/2025 | **Barrachas Ioncam Fabhraithe / (Easnamh ) i gcomhair 2025** €'000 | **Coinnithe Barrachas / (Easnamh)** **31/12/2024** |
|---|---|---|---|---|
| **Clár** | | €'000 | | €'000 |
| Scoileanna & An Phríomhoifig | | (3) | (295) | 292 |
| Breisoideachas & Oiliúint | | - | - | - |
| Gníomhaireacht Féinmhaoinithe | | - | - | - |
| | | 44 | 25 | 19 |
| | 16 | 41 | (270) | 311 |

Sínithe:

Aoife Davitt (Jun 17, 2026 17:16 GMT+1)

**An Clr Aoife Davitt**
**Cathaoirleach**

**Dáta:** 17/06/2026

Sínithe:

Siobhan Lynch

Siobhan Lynch (Jun 17, 2026 11:43:25 GMT+1)

**Siobhán Lynch**
**Príomhfheidhmean nach**

**Dáta:** 17/06/2026

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 16 go 36

## 1 Beartais Chuntasaíochta

### 1.1 Beartais Chuntasaíochta Shuntasacha

Leagtar amach bunús na cuntasaíochta agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha a ghlac Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí chuige féin thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad go leanúnach i gcaitheamh na bliana agus i gcaitheamh na bliana roimhe sin.

### 1.2 Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí an 1 Iúil 2013 agus leagtar amach a fheidhmeanna in alt 10 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Tá Scoileanna Náisiúnta Pobail faoi choimirce an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ó thús bhliain acadúil 2016/2017.

### 1.3 (a) Bunús an Chuir i Láthair

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair i bhfoirm a d'fhaomh an tAire Oideachais le toil an Aire Airgeadais agus an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Is é atá iontu ná Ráiteas Oibriúcháin, Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha, agus nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais lena n-áirítear Beartais Chuntasaíochta.

### (b) Aitheantas Ioncaim agus Caiteachais

*Ioncam*
Aithnítear deontais an Oireachtais agus deontais eile ar bhonn airgid thirim. Aithnítear fáltais eile ar bhonn airgid thirim.

*Caiteachas Pá*
Aithnítear caiteachas pá ar bhonn airgid thirim. Léiríonn pá luach saothair i gcomhair fostaithe lena n-airítear ÁSPC Fostóra.

*Neamhphá*
Aithnítear caiteachas neamhphá ar bhonn airgid thirim. Is é atá sa chaiteachas neamhphá ná costais riaracháin agus feidhmiúcháin.

Liúntais
lAithnítear caiteachas iúntais ar bhonn airgid thirim. Íoctar liúntais le foghlaimeoirí a bhíonn ag tabhairt faoi chláir Bhreisoideachais agus Oiliúna arna maoiniú ag SOLAS.

Cuirtear an Ráiteas Oibriúcháin i láthair trí fháltais airgid agus íocaíochtaí airgid trí Ghrúpáil clár. Coigeartaítear an barrachas/ (an t-easnamh) airgid thirim le haghaidh athrú sna Sócmhainní Reatha (gan Banc san áireamh) agus sna Dliteanais Reatha chun toradh iomlán i gcomhair na bliana a thabhairt ar bhonn fabhraithe.

### (c) Aitheantas Sócmhainní agus Dliteanas

Ullmhaítear an Ráiteas maidir le Sócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha ar bhonn fabhraithe trí dheontais stáit agus iarmhéid maoinitheoirí eile a chinneadh ag luachanna a fhreagraíonn don fháltas bainteach a fuarthas agus don chaiteachas a thabhaítear agus i gcomhréir leis na rialacha maoinithe.

*Deontais Stáit Athfhillteacha*
Is iad na deontais seo croí-mhaoiniú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

*Deontais Chaipitil*

Baintear úsáid as na deontais seo chun costais tógála, ceannaithe réadmhaoine agus athchóirithe a chlúdach, agus i gcásanna airithe d'fhéadfaí iad a úsáid le haghaidh suiteacha, feisteas, trealamh agus troscán.

*Ioncam Athfhillteach Eile*
*Tionscadail Féinmhaoinithe agus Gníomhaireachta*
Baineann obair gníomhaireachta le clár a reáchtáil ar son eagraíochta eile nó ar son scoláirí de réir critéir chomhaontaithe agus tugtar cúiteamh don Bhord Oideachais agus Oiliúna i leith na gcostas a bhaineann leis.

Is é atá i gceist le Tionscadail Féinmhaoinithe ná cláir a reáchtáiltear faoi smacht iomlán an Bhoird le haghaidh an Bhoird Oideachais agus Oiliúna nó le haghaidh eagraíochtaí eile.

Sócmhainní agus Dliteanais Eile
Cuirtear Féichiúnaithe Tríú Páirtí san áireamh sna Sócmhainní Reatha. Cuirtear Dliteanais Phá agus Chostais san áireamh sna Dliteanais Reatha.

Coibhneasta
Nuair is gá, cuirtear in iúl na figiúirí coibhneasta le haghaidh na bliana roimhe arís ar an mbonn céanna leo siúd sa bhliain reatha.

**1 Beartais Chuntasaíochta (ar lean)**

**(d) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe**
Cuirtear gach sócmhainn inláimhsithe a cheannaítear lena n-airítear foirgnimh, bonneagar, gnóthú réadmhaoine, costais athchóirithe, suiteacha, feisteas, trealamh agus troscán mar chostas i mbliain a gceannaithe. Aithnítear deontais stáit le haghaidh sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach sa bhliain chéanna.

**(e) Stoic**
Cuirtear gach stoc intomhalta mar chostas de réir mar a cheannaítear iad.

**(f) Léasanna**
Cuirtear gach cíos léasa mar chostas de réir mar a thabhaítear iad.

**(g) Sochair Scoir**
Bronntar teidlíochtaí pinsin bhaill foirne BOO, lena n-airítear iad siúd a d'aistrigh ó SOLAS, faoi scéimeanna sochair shainithe. Cuirtear forálacha do bhaill foirne a fostaíodh ó 2013 i leith san áireamh i Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí.

Coinníonn BOO na ranníocaíochtaí aoisliúntais a rinne fostaithe maidir leis na scéimeanna roimh 2013, lena gcur i dtreo mhaoiniú dheontas na nIarbhunscoileanna agus Phá na Ceannoifige, mar chuid de mhaoiniú comhaontaithe an Státchiste. Íoctar na ranníocaíochtaí a rinne comhaltaí na Scéime Aonair leis An Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin de réir na reachtaíochta. Ní dhéanann BOO aon ranníocaíochtaí fostóra i dtreo na scéimeanna. Feidhmítear na scéimeanna neamh-mhaoinithe seo ar bhonn íoc mar a úsáidtear. Íocann an Oifig Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta teidlíochtaí pinsin bliantúla ar son BOO. Bíonn BOOnna freagrach as riaradh a bpinsin, ríomh a sochar agus teidlíochtaí a chur in iúl do ONSC. Tugann an Roinn Oideachais an t-airgead ar ais don Oifig Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta le haghaidh costais pinsin a taibhíodh agus léirítear na costais sin i Vóta na Roinne Oideachais. Ní dhearnadh aon fhoráil sa Ráiteas Oibriúcháin ná sa Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha do chostas reatha na sochar amach anseo atá fabhraithe ag baill foirne agus ag pinsinéirí reatha faoi na scéimeanna seo. Nochtar costais agus oibleagáidí pinsin i nóta a ghabhann leis an ráiteas airgeadais, ina léirítear oibleagáidí sochar pinsin BOO maidir lena fhoireann reatha, iarchurtha agus ar scor. Léiríonn oibleagáidí sochar scoir na sochair phinsin amach anseo a fabhraíodh go dtí seo ag an bhfoireann atá ann faoi láthair agus acu siúd a bhfuil sochair iarchurtha acu araon. Meastar oibleagáidí sochar scoir ar bhonn achtúireach ag baint úsáid as an modh costais aonaid achtúirigh thuartha.

**(h) Breithiúnas Cuntasaíochta criticiúla agus príomhfhoinse na héiginnteachta meastacháin**

Agus beartas cuntasaíochta BOO á chur i bhfeidhm maidir leis na hoibleagáidí sochair scoir, ní mór don Bhord breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh maidir le suimeanna glanluacha na sócmhainní sochair scoir agus na ndliteanas nach bhfuil soiléir ó fhoinsí eile. Tá na meastacháin agus na toimhdí a bhaineann leo bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar chúinsí eile a mheastar a bheith ábhartha. Is féidir leis na fíorthorthaí a bheith difriúil ó na meastacháin.

Déantar athbhreithniú ar na meastacháin agus ar na toimhdí a bhaineann leo ar bhonn leanúnach. Léirítear athbhreithnithe ar mheastacháin chuntasaíochta sa nochtadh nóta sa tréimhse ina ndéantar athbhreithniú ar an meastachán, mura mbíonn tionchar ag an athbhreithniú ach ar an tréimhse sin, nó i dtréimhse an athbhreithnithe agus i dtréimhsí amach anseo má bhíonn tionchar ag an athbhreithniú ar an tréimhse reatha agus ar thréimhsí amach anseo.

**(i) Oibleagáidí sochair scoir**

